FOLKLIVSARKIVET
LUND

500

Food

# "Lá Ḋeilḃ a' Ḃréidín"

(Tógṫa síos ag Liam Mac Coisdealḃa ó ḃéal-aiṫris Ṗáraic Ṁic an Iomaire, c. 64 bl., Coillín, Cárna, Conamara, Co. na Gaillimhe.)

(MS. 159. pp. 547—549).

A 616:10



FOLKLIVSARKIVET LUND

"Lá Ḋeilḃ a' Ḃréidín"

Ḃí bean ánn fadó agus ċua sí 'ḋiana aḃrais — snáṫa lín agus gá ulluú le h-agaiḋ bréidín a ḋiana. Ní ru mórán stuam' innti le sníoṁ ná le casa snáṫa a ḋiana, agus ḃíoċ sí ag ul amú ar a cuid oibre go minic, aċ mar sin héin ṫug sí sórt sníoṁ ar a' snáṫa nú go ru sé réiṫíċ' aici le ḋul gá ḋeilḃ agus é ċuir ag a' ḃfiġeadóir le é fiġeaċán le h-agaiḋ bréidín a ḋiana ḋe. A' lá 'ru ḃí a' deilḃ a' ḃréidín ċua sí amú ins a' deilḃ agus ḃí sé dianta cúntráilte aici. Níor ṫóig sí aon ċrís air agus ḃí sí 'cur a' tsráṫa anúnn 's análl ṫar a ċéile cúntráilte, agus a' snáṫa bu ċeart a ḃeiṫ taoḃ amuiċ ins a' mbréidín nuair a ċua an fiġeadóir ṫríd na h-úmaċaí sén áit a mbíoċ sé 'n-a lár, agus mar sin; ḃí an snáṫa gul in-aiṁré ar a' ḃfiġeadóir, agus ċaṫ sé an-aċar fada leis a' mbréidín agus é 'cínnt air cuma ná caoi ċur air. Aċ búirt sé go ngeárrfaċ sé amaċ as a' seól uiliug é seaċt n-uaire, agus mar sin héin ḃíoċ sé 'baint courr-píos' as gá fiġeaċán, nú gur ṫug sé sórt fiġeaċán air. Aċ ċeap sí seo go ru an bréidín fiġte ag a' ḃfiġeadóir nú go ru sé an ḟad aige agus go ru sé i n-ám aige ḃeiṫ fiġte. Agus ċua sí ag teaċ an ḟiġeadóra 'súil leis a' mbréidín a ḃeiṫ fiġte ag

a' ḃfiġeadóir. Agus casú fear bí ar a' mbealaċ agus ḋúirt sé léiṫe:

> Dé Luain 's Dé Máirt 's Dé Céadaoin," adúirt sé,
> "Lá ḋeilḃ a' ḃréidín,
> Dé Luain 's Dé Máirt 's Dé Céadaoin
> Lá ḋeilḃ a' ḃréidín.
> Sá mbeaḋ ḟios ag Cúl le aḃras," adúirt sé,
> Ar ṗeilip a Roundail atá orm-sa
> Ḃeaḋ a' t-aḃras uiliug agam-sa
> 'S ní ḃeaḋ blas a' biṫ ḋe aici-se.
> Dé Luain 's Dé Máirt 's Dé Céadaoin
> Lá ḋeilḃ a' ḃréidín."

Agus sin é an port a ḃí aige. Nuair a ċua sí ag teaċ an ḟiġeadóra ní raḃ ḟios aici cén t-ainm a ḃí ar a' ḃfiġeadóir, agus ní ru aon ḟocal aici ar feaḋ an lae aċ:

> "Dé Luain 's Dé Máirt 's Dé Céadaoin
> Lá ḋeilḃ a' ḃréidín."

FOLKLIVSARKIVET LUND
A 616:11